



Athoscailt Choláiste Chilliain don Scoilbhliain 2020-2021

Tá súil agam go bhfuil tú agus do chlann ar fónamh. Tá ról tábhachtach ag an scoil i saol daltaí, ag cruthú seasmhacht agus gnáthamh ina saol, go háirithe sna laethanta inniu ann. Dá bhrí sin, táimid ag súil go mór le fáilte a chur roimh ár bpobal scoile ar ais linn go luath.

Táimid ag obair le tamaill ar phlean leis an scoil a athoscailt de réir na treoirínte a tháinig ón Roinn Oideachais. An tuiscint taobh thiar dár bplean i gcónaí ná slainte agus sábháilteacht ár ndaltaí agus an fhoireann. An slí is fearr len é sin a chinntiú ná gan an Covid-19 a ligint isteach sa scoil.

Iarrimid ar thuismitheoirí, dá bhrí sin a chinntiú nach gcuireann siad daltaí a léiríonn na siomptóim a ghabhann le Covid-19 ar scoil (casacht, fadhbanna anáilú, teocht ard &rl). Ba chóir sa chás sin teagmháil a dhéanamh leis an dochtúir.

Táimid ag súil go bhfanann daltaí a chaith saoire thar lear i dtír NACH bhfuil ar 'Liosta Glas' an Rialtais sa bhaile ar feadh coicíse sula bhfillleann said ar scoil.

Má dhéanann an scoil teagmháil leat maidir le tinneas do pháiste tá sé fíor-thábhachtach go bhfuil sé eagraithe roimhré conas a bhaileofar é/í go tapaidh agus go sábháilte. Chuige sin caithfidh na huimhreacha teagmhála a bheith cruinn agus ceart. Is féidir é seo a sheiceáil ar VS Ware.

- Sa scoil tá an amchlár agus na ranganna ath-eagraithe againn chun scaradh sóisialta a éascú. Táimid ag bogadh go dtí tréimhsí uair a chloig. Laghdóidh seo an méid gluaiseacht a tharlóidh timpeall na scoile (6 athrú le hais 9). Beidh an am cuí, de réir na Roinne, le fáil ag gach ábhar. Tosóidh ranganna ag 08.30 agus críochnóidh ag 15.20 (12.50 ar an gCéadaoin). Beidh 15 nóiméid d'am sosa agus 35 d'am lóin.
- Beidh bun seomra ag gach rang. In ionad daltaí ag gluaiseacht ó sheomra go seomra is na múinteoirí a dhéanfaidh amhlaidh. Tá gach iarracht déanta an méid spáis agus is féidir a cruthú i ngach bun rang.
- Iarrtar ar daltaí clúdach aghaidhe éadaigh, díghalrán lámh agus ciarsúir díghalráin a thógáil ar scoil leo. Ní mór do gach scoláire clúdach aghaidhe éadaigh a chaitheamh aon uair nach bhfuil siad sa seomra ranga nó nuair nach féidir scaradh fisiciúil a chinntiú sa seomra ranga.

Má tá fadhb sláinte bainteach le seo déan teagmháil leis an scoil.

- Os rud é go mbeidh bun seomra ag gach rang táimid ag súil go gcoimeádtar glan iad. Má tá fadhb iarrfar ar an rang an seomra a ghlanadh ag 15.20.
- Beidh córas dóirse oscailte againn chun sruthlú aeir a chruthú agus le féitheoireacht a dhéanamh ar na daltaí idir ranganna.
- Beidh ar daltaí bogadh nuair atá ranganna praiticiúla acu. Ní úsáidfear na seomraí speisialta seo ach amháin dos na hábhair sin.
- Beidh cead ag daltaí a n-éadaí spóirt (t-léine scoile agus brístí traicéid dubhgorm) a chaitheamh ar an lá go bhfuil Corp Oideachais amchláraithe acu. Ní bheidh gá le seomraí gléasta agus tabharfaidh sé seans na héadaí scoile a ní i rith na seachtaine.
- Beidh am sosa agus lóin deacair le láimhseáil. Ar an mbonn sin tá an méid seo a leanas á mholadh againn.

Am sosa: Bl.5 & 6 – rogha fanacht sa seomra nó dul sa chlós.

Bl.3,4 – Bialann

Bl.1 - Stáitse

Bl.2 – Seomra mór

Am lóin: Bl.5 & 6 – cead talamh na scoile a fhágáil (le cead ó thuismitheoirí)

Bl.1-4 – mar an gcéanna le ham sosa.

- Molaimid go láidir go rachadh na daltaí amach sa chlós ag am lóin agus sosa chun aer úr a ghlacadh agus roinnt aclaíochta a dhéanamh toisc nach bhfuil na deiseanna gluaiseachta céanna acu is a bhíodh.
- Táimid ag súil go mbeidh clúdach plaisteach ar gach leabhar/cóipleabhar le cabhrú leis an bpróiseas glanadh agus díghalrú.
- Tá 10 Stáisiúin Sláintí Láimhe crochta timpeall na scoile chomh maith le ceann i ngach seomra ranga.
- Déanfar gach bun seomra a díghalrú gach lá. Tá an dí-ghalrán ar an gcaighdeán is airde do Covid-19.

- Déanfar na seomraí praiticiúla a dhíghalrú tar éis gach seisiún sula dtagann grúpa nua isteach leis an treallamh a ghlanadh.
- Glacfar le teocht gach duine a thagann isteach sa foirgneamh gach lá. Má tá an teocht ró-ard go leanúnach iarrfar orthu dul chuig an seomra aonrú agus déanfar teagmháil leis an duine cuí. Tá an seomra feithimh ag an bpríomhdhoras ainmnithe mar ár seomra aonrú.
- Beidh bealach aon treo sa bhfoirgneamh chun teagmháil lena chéile a laghdú. Beidh bealach isteach agus amach amháin ag na daltaí ar an bhfáth céanna.
- Beidh glantóir sa bhreis againn chun dea-chleachtais glantacháin a chinntiú.
- Roghnófar Co-ordnóir Scoile do Covid-19 a chinnteoidh go bhfuil an scoil ag leanúint na treoirlínte mar is ceart agus a leanfaidh an gnás má bhíonn cás dearfach Covid-19 sa scoil.
- Iarrfar ar baill foirne clúdach aghaidheanna a chaitheamh nuair nach bhfuil sé furast an scaradh sóisialta a chinntiú.
- Cuirfear srian ar chuairoteoirí/thuismitheoirí ag teacht isteach sa scoil – cásanna práinneacha amháin a scaoilfear isteach.
- Tá fógraíocht Covid-19 crochta ar fud na scoile.
- Níl cinneadh déanta faoi na taisceadáin go fóill – cuirfear ar an eolas sibh fúthu níos déanaí.

Mar a thuigeann sibh is athraithe móra i mbainistíocht na scoile atá i gceist leis an méid atá luaite thuas. Le deis a thabhairt duinn uilig, foireann agus daltaí dul i dtaithí air beidh an tús thíos luaite i bhfeidhm d'fhilleadh na ndaltaí.

Féilire Tús na Scoilbhliana 2020-2021

Dé Máirt 1ú Meán Fómhair	Bliain 1 (8.30 – 10.30)				
--------------------------------	-------------------------------	--	--	--	--

Céadaoin 2ú Meán Fómhair	Bliain 1 (8.30-10.30)	Bliain 3 (8.30 – 10.30)	Bliain 6 (8.30 – 10.30)		
Déardaoin 3ú Meán Fómhair	Bliain 1 (8.30-12.50)	Bliain 2 (8.30-12.50)	Bliain 3 (8.30-12.50)	Bliain 5 (8.30-12.50)	Bliain 6 (8.30 – 12.50)
Aoine 4ú Meán Fómhair	Bliain 2 (8.30-12.50)	Bliain 3 (8.30-12.50)	Bliain 5 (8.30-12.50)	Bliain 6 (8.30 – 12.50)	
Luan 7ú Meán Fómhair	GACH Bliain (bliain 4 ag tosú) – Lá iomlán.				

Tuigimid go bhfuil imní agus buairt ar dhaoine maidir le hathoscailt na scoileanna. Táimid dóchasach go gcoimeádfaidh na céimeanna thuas-luaite muid, daltaí, foireann agus tuismitheoirí, slán. Beimid ag obair go leanúnach chun ár bpobal scoile a choimeád slán agus sábháilte.

Táimid ag súil le comhoibriú iomlán ón bpobal scoile na hathraithe seo a chur i bhfeidhm. Tá said ann chun Covid-19 a sheachaint. Muna bhfuil an comhoibriú seo ag teacht cuirfear na rialacha scoile i bhfeidhm.

Is muidne le meas,

Feargal Ó Giolláin – Príomhoide

Sorcha Ní Dhomhnaill – Leas-Príomhoide